Léirmheas ar Michal Boleslav Měchura, “An Ríomhaire Ilteangach” (2017)

Ó Dónaill, C. (2018). Léirmheas ar Michal Boleslav Měchura, “An Ríomhaire Ilteangach” (2017). *Teanga*, *25*, 176-180. https://doi.org/10.35903/teanga.v25i0.52

Link to publication record in Ulster University Research Portal

**Published in:**
Teanga

**Publication Status:**
Published (in print/issue): 15/11/2018

**DOI:**
10.35903/teanga.v25i0.52

**Document Version**
Publisher's PDF, also known as Version of record

**General rights**
Copyright for the publications made accessible via Ulster University's Research Portal is retained by the author(s) and / or other copyright owners and it is a condition of accessing these publications that users recognise and abide by the legal requirements associated with these rights.

**Take down policy**
The Research Portal is Ulster University's institutional repository that provides access to Ulster's research outputs. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact pure-support@ulster.ac.uk.

Download date: 17/04/2024

# Léirmheas ar Michal Boleslav Měchura, "An Ríomhaire Ilteangach" (2017), foilsithe ag Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath

*Caoimhín Ó Dónaill*

*Ollscoil Uladh*

*c.odonaill@ulster.ac.uk*

***Eochairfhocail**: Teicneolaíocht na Faisnéise; Teanga Ríomhaireachta; Gaeilge; Ionchódú; Logánú; Sloinnte*

Tá na blianta taithí ag údar an leabhair seo in earnáil theicneolaíocht na faisnéise. Tá eolas beathaisnéise faoi sa leabhar agus tá tuilleadh ar an suíomh idirlín http://lexiconista.com a chuireann ábhar breise ar fáil don léitheoir. Léiríonn sé an gean atá aige ar theanga ríomhaireachta ar chlúdach tosaigh an leabhair, áit a mbreactar túslitreacha a ainm agus a shloinne i meascán de Unicode agus de Chód HTML.

Tá an leabhar leagtha amach go soiléir, níl aon innéacs ann ach léiríonn an clár ábhair scóip agus damhna an leabhair le teidil na gcaibidlí agus a bhforanna. Úsáidtear neart téarmaíochta sa leabhar, ar ndóigh, agus déanann an t-údar a dhícheall téarmaí agus coincheapa a mhíniú don neamhspeisialtóir síos tríd. Tá gluais i gcúl an leabhair fosta a phléann leis na téarmaí ríomhaireachta agus teangeolaíochta is tábhachtaí.

Deir Měchura linn sa réamhrá gur 'leabhar faoi ríomhairí é seo agus leabhar faoi theangacha san am céanna' (lch. xi). Tá treoir ann chomh maith don duine a bhfuil rún aige nó aici an leabhar a léamh, is é sin, go bhfuil sé dírithe ar dhaoine nach speisialtóirí ríomhaireachta iad ach a bhfuil toil acu a scileanna ríomhaireachta a fhorbairt. Deirtear linn fosta go ndíríonn an leabhar ar scileanna ilchultúrtha chomh maith agus go bhfóirfeadh sé do dhaoine atá ag feidhmiú i dtimpeallacht ilteangach ar nós 'riarthóirí san earnáil phoiblí i dtíortha ilteangacha, nó lucht margaíochta i gcomhlachtaí ilnáisiúnta'. Tá sprioc ag an údar don leabhar, is é sin, cuidiú lena léitheoirí ábhar ilteangach a láimhseáil ar dhóigh 'a thabharfaidh a gceart do na teangacha sin agus lucht a labhartha' (lch. xiii). Measaim go n-

[CC BY NC ND]

éiríonn leis sin a dhéanamh, cé gur dócha go nglacfadh sé tamall maith ar dhuine deiseanna a fháil leis an treoir ar fad atá sa leabhar agus ar an suíomh idirlín a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Sin ráite, a luaithe agus a thuigeann an léitheoir an scóip atá ann le méarchláir, ríomhairí, bogearraí proiseála focal, suíomhanna idirlín srl. a oiriúnú do theangacha éagsúla, beidh siad in ann brath ar an leabhar agus ar an suíomh idirlín mar áiseanna tagartha.

Míníonn an méid sin réimsí fócais an leabhair. Tosaíonn sé le cur síos mion ar ionchódú carachtar lena léiriú go raibh aird ag lucht ríomhaireachta le fada ar ilghnéitheacht na gcarachtar a mbeadh feidhm ag úsáideoirí leo, agus nach bhfuil aon chúis ríomhaireachta ann nach féidir le suíomhanna idirlín, bunachair shonraí, nó doiciméid a scríobhtar ar ríomhairí déileáil le réimse leathan teangacha agus a litreacha/graif shainiúla. Más léir nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh ar theanga, leagtar an milleán ar bhogearraí atá as dáta nó ar ríomhchláraitheoirí nó riarthóirí nach bhfuil oilte mar ba cheart. Pléitear ansin le hoiriúnú an mhéarchláir, láimhseáil aibítrí éagsúla agus formáidiú téacs agus sonraí, ainmneacha san áireamh. I ngach cás, tacaítear leis an treoir atá á tabhairt le solaoidí ó réimse teangacha, teangacha Eorpacha go príomha. Mar léiriú ar an tslí ar chóir don úsáideoir inniúil smaoineamh amhail an ríomhaire, pléitear le sórtáil aibítreach agus an loighic a bhaineann leis an eochair shórtála. Tá feidhm leis an saineolas seo nuair atá bunachair de shonraí pearsanta daoine á dtógáil, cuir i gcás.

Ina dhiaidh seo, mínítear an dóigh a n-oibríonn litreoirí ionas go dtuigfidh an t-úsáideoir nach saorann na bogearraí seo iad ar fad ó chúram an chruinnis. Don duine nach bhfuil eolach ar bhogearraí aistriúcháin, tugtar léargas ansin ar mheaisínaistriúchán agus ar chuimhne aistriúcháin. Bhainfeadh riarthóirí suíomhanna idirlín agus daoine a choimisiúnaíonn aistriúcháin leas as na caibidlí seo mar gheall ar na himpleachtaí atá sa ghnó sin i dtaca le sreabhadh oibre a láimhseáil agus caighdeán aistriúchán a rialú go héifeachtach. Ní mór dóibh na féidearthachtaí a thuiscint agus an obair aistriúcháin nó eagarthóireachta féin a fhágáil faoi na saineolaithe.

Mar léiriú ar an ghéarghá atá le hoiliúint ar na nithe sin tá cuntas i dTuarascáil Bhliantúil an Coimisinéara Teanga (2017, lch. 28) faoi shaoránach a rinne gearán le hOifig na nOibreacha Poiblí nuair a fuair sé freagra i mBéarla ar theachtaireacht a chuir sé i nGaeilge. Nuair a

mheabhraigh an saoránach don fhostaí go raibh sé i dteideal freagra i nGaeilge cuireadh freagra dothuigthe meaisínaistrithe chuige. Ba chóir go raibh fostaithe i gcomhlachtaí stáit eolach ar shrianta an mheaisínaistriúcháin maidir le cumarsáid idir daoine a éascú.

Scil ar leith is ea foclóirí a úsáid i gceart, agus cé nach bpléann Caibidil 10 leis an fhoclóireacht per se, déantar idirdhealú idir bunachar téarmaíochta agus foclóir, rud nach eol do chách, agus téitear siar ar bhuneolas amhail nodaireacht foclóirí a thuiscint. I gCaibidlí 11 agus 12 faighimid léargas ar dhá ghné de léiriú sonraí ar an scáileán a bhíonn mar údar mearbhaill agus frustrachais ag daoine aonteangacha agus ilteangacha araon nuair a láimhseáiltear go bacach iad, is é sin, idirnáisiúnú bogearraí agus logánú bogearraí.

Feictear samplaí den Logánú Leisciúil (lgh. 116–17) ar líne go minic. Tugtar roinnt samplaí anseo agus mínítear na leibhéil éagsúla logánaithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus na himpleachtaí acmhainní a bhaineann leo. Maidir le pobal na Gaeilge in Éirinn, níl aon rud is lú orthu ná iarracht lag nó cur i gcéill ó chomhlachtaí poiblí a mhaíonn go bhfuil a seirbhísí ar fáil i nGaeilge ach gan a mbogearraí a bheith in ann déileáil le sínte fada nó fiú bunstruchtúr sloinnte Éireannacha, cuir i gcás. Tá pointe tábhachtach á dhéanamh ag Měchura, is é sin, go dteastaíonn comhairleoirí teanga ó eagraíochtaí a dhearann suíomhanna idirlín a fhreastalaíonn ar úsáideoirí atá ag súil le seirbhís ina rogha teanga, comhairleoirí a bhfuil aird acu ar na dóigheanna ar féidir tairbhe a bhaint as na caighdeáin agus na cleachtais idirnáisiúnta a éascaíonn an t-ilteangachas agus a bheadh mar leigheas ar an mheon aonteangach a dhéanann beag is fiú den chruinneas nó den chiall i dteangacha eile.

Déanann Měchura iarracht gan glacadh leis go bhfuil bunrudaí ar eolas ag an léitheoir, níl de dhíth ach tú a bheith 'ar do chompord leis an ríomhaire, go dtuigeann tú conas an próiseálaí focal agus an ríomhphost a úsáid agus conas brabhsáil ar an Idirlíon' (lch. xiii). Tá stíl inste an leabhair inchurtha le PCs for Dummies (Gookin, 2016), nó a leithéid, is é sin, cuirtear eolas teicniúil i láthair ar bhealach atá sothuigthe ag an ghnáthléitheoir.

Cé go bhfuil tagairtí ann go minic don suíomh idirlín a théann leis an leabhar (http://www.lexiconista.com/arit/), níl tagairtí ann do leabhair thagartha eile. Tá corráit sa leabhar a mbeadh tagairtí d'fhoinsí eile úsáideach. Pléitear le sloinnte cúpla áit sa leabhar,

ach ar lch. 52 tagann ceist na sórtála aníos. Tá dearmad sa chuntas ar na míreanna tosaigh i sloinnte fear i gcomparáid le sloinnte ban, cuirtear Ó i gcomparáid le Uí agus Mac i gcomparáid le Nic in áit Ó, Ní, Uí agus Mac, Nic, Mhic. Deir Měchura linn 'go bhfuil sé deacair iad a shórtáil go haibítreach', gur 'treise an fhadhb i gcás ainmneacha Gaeilge' (lch. 52), agus nach bhfuil 'Aon réiteach iomlán sásúil ar an cheist seo a mbeadh glacadh forleathan leis (lch. 53). Ach bhí na deacrachtaí seo ann sula rabhthas ag brath ar liostaí leictreonacha agus thángthas ar réiteach sásúil (féach Maidir le do Litir, 1986, lch. 36 áit a bhfuil treoir faoi innéacsú ainmneacha agus sloinnte. Deirtear linn ansin go bhfuil an treoir seo ag teacht le haiste Patrick Quigg (1967) The Entering and Systematic Arrangement of Irish Names in Catalogues, Indexes and Directories in An Leabharlann 25(4). Féach fosta Ó Droighneáin, 1999, lch. 3 ar lean).

Ba ghar don léitheoir dá mbeadh cur síos sa leabhar ar dhearadh suíomhanna idirlín le cód HTML nó XML. Fiú mura nglacann sé/sí céim sa treo sin, chuirfeadh plé ar an ábhar sin le feasacht an ghnáthléitheora faoin chineál sin oibre. Agus é ag caint ar chódphointí Unicode labhraíonn Měchura faoi aistriú uimhreacha 'go haonta agus náideanna an ríomhaire' (lch. 8), is tagairt í seo don chóras dénártha, ar ndóigh, gné bhunúsach eile den ríomhaireacht a mbíonn daoine dall uirthi, mar sin de, ba dheas dá ndéanfaí forbairt ar an ábhar sin sa chéad chaibidil fosta.

Ardaíonn an leabhar seo ceisteanna faoin chaidreamh idir an Béarla agus an Ghaeilge i réimeanna teicniúla. Téitear i muinín an Bhéarla sa ghluais chun cuidiú leis an léitheoir an téarmaíocht Ghaeilge a thuiscint, in ainneoin b'fhéidir go dtuigfeadh an léitheoir an chiall ón chomhthéacs. Tá daoine ann a shílfidh nach bhfuil feidhm le taca seo an Bhéarla sa leabhar nó ar an suíomh idirlíon http://lexiconista.com, ach seans gur mheas Měchura nár mhiste don léitheoir na coincheapa a shealbhú go dátheangach mar gheall ar an idirspleáchas idir cleachtóirí theicneolaíocht na faisnéise a bhfuil Gaeilge agus Béarla acu agus na cinn a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla amháin.

Tá dhá shaghas duine ar a laghad ann a úsáideann teicneolaíocht, bíodh sin gléas de chineál éigin nó bogearra, is iad sin, daoine a léann na treoracha roimh ré chun lántairbhe a bhaint as an ghléas nó as an bhogearra, agus daoine a théann i mbun úsáide gan na treoracha a

léamh. I measc an dara grúpa tá na foghlaimeoirí iomasacha a fhaigheann greim ar bhunloighic an ghléis nó an bhogearra de réir a chéile agus a n-éiríonn leo máistreacht éigin a bhaint amach. Ansin tá daoine a théann i mbun úsáide ag súil go mbeidh sé furasta, agus a lorgaíonn cuidiú ó dhuine éigin eile nuair nach bhfuil sin amhlaidh. Is mar gheall ar an chineál seo úsáideora a cheap soláthróirí tacaíochta na dtáirgí seo an t-acrainm Béarla RTFM, (a chiallaíonn 'léigh an diabhal lámhleabhar' nó a leithéid sa Ghaeilge), lena bhfrustrachas le húsáideoirí leisciúla a chur in iúl. Má tá cuspóir an leabhair seo le bheith fíoraithe, beifear ag brath ar an chineál duine a léann lámhleabhair, nó daoine a bhfuil Gaeilge acu a léann lámhleabhair.

Ar aon dul leis na saineolaithe a cheap agus a d'fhorbair feidhmeanna na ríomhaireachta as bunphrionsabail na matamaitice, tá daoine ann ar nós Měchura a bhfuil éacht déanta acu ag iarraidh téarmaí, feidhmeanna agus comhairle a cheapadh agus a chraobhscaoileadh chun ligean do theangacha neamhfhorleathana amhail an Ghaeilge feidhmiú san fhearann teicniúil. Éascóidh an leabhar seo sealbhú saineolais a chuirfidh in éadan tuile an aonteangachais agus na míthuisceana idir teangacha. Dá mhéad úsáideoir Gaeilge atá eolach ar dhamhna an leabhair seo, is amhlaidh is láidre a bheidh an teanga dá bharr.

**Tagairtí**

An Coimisinéir Teanga (2017). *Tuarascáil Bhliantúil 2017*

Gookin, Dan (2016). *PCs for Dummies* (13ú Eagrán). New Jersey: John Wiley & Sons, Inc.

Ó Droighneáin, Muiris (1999). *An Sloinnteoir Gaeilge agus an tAinmneoir* (leasaithe agus méadaithe ag Micheál Ailf Ó Murchú (7ú Eagrán). Coiscéim.

Rialtas na hÉireann (1986). *Maidir le do Litir* (2ú Eagrán). An Gúm.